

Bliain 5
Roghnú Abhair
Don Dalta

TOLaighin

Beidh an roghnú déanta ar líne i mbliana. Beidh ranganna socruithe go randamach.

Cuir ceist ar na múinteoirí agus ar an Múinteoir Treoir Ghairme faoi na h-ábhair

Ag Roghnú d'ábhair

Agus tú ag roghnú d'ábhair tá sé tabhachtach comhairle a fháil ó do mhuinteoirí agus nithe a phlé le do thuismitheoirí. Tá cúpla bun-phrionsabail gur chóir smaoineamh faoi i gconaí.

1. Tá roinnt ábhair atá riachtanach chun cúrsa áirithe a dhéanamh agus chun gairm bheatha áirithe a bhaint amach.
2. Bíonn na pointí don CAO bunaithe ar sé ábhar ach caithfidh gach dalta 28 uair scoile a dhéanamh. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh 7 n-ábhar scrúdaithe a bheith agat chun chlárú leis an Roinn Oideachais mar dhalta i gColáiste Daibhéid.
3. Is mar a gcéanna beagnach gach ábhar ó thaobh pointí de. In instituídí áirithe tugtar pointí breise d'ábhar faoi leith do chúrsaí faoi leith.
4. Agus ábhar roghnaithe agat ní chiallaíonn sé go bhfuil tú greamaithe leis an mbóthar sin go deireadh do shaol. Athraíonn daoine postanna minic go leor bunaithe ar shuimeanna agus ar cháilíochtaí nua i gconaí.
5. Ná pioc ábhar toisc go bhfuil sé ráite leat go bhfuil sé 'éasca'. An rud a bhíonn 'éasca' do dhalta amháin bíonn sé deacair do dhalta eile.
6. Ná fan amach ó ábhar toisc nach ndéanann ach 'daoine cliste' é. Níl a leithéid d'ábhar ann.
7. Pioc ábhar atá tú tar éis taitneamh a bhaint as agus go bhfuil torthaí maithe faighte agat ann.
8. Ná pioc ábhar toisc go bhfuil do chairde á dhéanamh.
9. Ná pioc ábhar toisc go mbeidh muinteoir áirithe ag múineadh é.
10. Cuir ceist ar do mhuinteoirí faoi na h-ábhair.

Caithfidh tú Gaeilge, Béarla, Mata, Teanga Eorpach, Creideamh/OCG, CorpOideachas, Gairm a dhéanamh. Roghnaíonn tú trí cinn scrúduithe eile. Chun a bheith cláraithe mar dhalta scoile caithfidh **28 uair** a chloig múinteoireachta a bheith agat **sa scoil seo**.

Sa chás go dteastaíonn uait ábhar a athrú caithfidh tú an cheist a phlé leis an bPríomhOide agus **cead a fháil uaidh**, ó na muinteoirí agus ó bhaile. Sa chás go bhfuil sé i gceist agat leibhéal a athrú, arís is le cead agus comhairle an mhúinteora a tharlaíonn sé seo. **Sa Mhata tá foirmeacha áirithe i gceist le líonadh.**

Abhar: Béarla

Cur síos ar an gcúrsa: Cuid 1 ná ‘Teanga’ Béarla a chlúdach. Ina measc tá (i) Language of Argument, (ii) Language of Persuasion, (iii) Language of Information, (iv) Language of Aesthetics, (v) Language of narration. Bíonn Trial tuisceanna agus Aistí bunaithe ar seo. I gCuid II bíonn (i) Single Text – de ghnáth Drama, (ii) Comparative Study (Rud Nua)- compráid idir 3 yeacsanna faoi teidil éagsúla (Modes of Comparison) (iii) Unseen Poetry agus (iv) Studied Poetry (8 bhfilí x 6 dánta = 48 go hiomlán)

Measúnú Ardteiste: PI 2 uair 50 noim, PII 3 uair 20noim. (Thar dhá lá)

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Tá filíocht, drama, Staidéar na Méain, Aistí agus Trial Tuisceana ann ach léimt an-mhór idir an Teastas Shóisearaigh agus an AT. Ta an ‘Comparative’ nua agus bíonn deacrachtaí ag daltaí leis. Is cúrsa an-fhada é agus deacair a chríochnú taobh istigh de dhá bhliain agus mar sin tá an-chuid léitheoireacht le deanamah sa bhaile acu.

Riachtanach le haghaidh:Bheith mar iriseoir nó tuairisceoir agus tá sé tàbhachtach pas a fháil i mBéarla do roinnt cúrsaí.

Molta le haghaidh: Tá pas sa Bhéarla, ar a laghad, ag teastáil le an-cuid cúrsaí ní h-amháin Ollscoileanna.

Eolas Breise: Fiú dalta a fhaigheann A nó B sa TS bíonn deacrachtaí acu B nó C a fháil san AT. Éinne a fhaigheann C nó D sa TS mholfainn dóibh gnáthleibhéal a dheanamh. NB: Ta difríochtaí idir an Ard agus Gnáth leibhéal ó thaobh cúrsa de. Mar sin níl sé chomh h-éasca sin bogadh ó leibhéal amháin go leibhéal eile ag druidim chuig deireadh an chúrsa.’ Sí Béarla ceann dos na habhair is deacra chun H1 a bhaint amach san Ardteist Ardleibhéal (3.8-4% sa tír)

Abhar: Bitheolaíocht

Cur síos ar an gcúrsa: Tá sé roinnte i trí aonad :- 1. Staidéar na Beatha- Eiceolaíocht agus Staideár bia 2. An Chill-Geineolaíocht, Fotasintéis, Riosparáid einsimí (3) An t-Organach- Córaisí Daonna, An Planda, Micribhitheolaíocht. Chomh maith tá 22 gníomhaíochtaí Praiticiúla Eigeantachta agus staidéar ar Eiceachóras.

Measúnú Ardteiste: Scrúdú Scríofa 3 uair a chloig. Caithfear na gníomhaíochtaí praiticiúla éigeantachta a bheith ar fáil agus fillteán tionscadail ar an staidéar ar an eiceachóras ach go foil ní bhronntar aon mharc orthu.

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Eolaíocht, Tír Eolas, Saoránaíocht, Eacnamaíocht Bhaile.

Riachtanach le haghaidh: Ag teastáil mar ábhar máithréanach le haghaidh leigheas i gColáiste Trionóide. Glactar le Bitheolaíocht mar ábhar eolaíochta i ngach Choláiste. Ag teastáil mar abhar éigeantach do Geineolaíocht in Ollscoil Chorcaí (CK405) agus do Sláinte Daonna agus Galar i gColáiste na Trionóide (TR056)

Molta le haghaidh:

Eolas Breise: Moltar go mbeadh (i) tuiscint mhaith ag an ndalta ar eolaíocht ag ard leibhéal (TS) agus (ii) suim agus cumas ag an ndalta sna scileanna praiticiúla. Tá roinnt mhaith foghlaim agus staidéar ag teastáil chun grád árd a ghnóthú.

Ábhar: Eacnamaíocht Bhaile

Cur síos ar an gcúrsa: Déantar staidéar ar Staidear Bia (45% den Teoiric), Bainisteoireacht Acmhainní agus Staidéar Tomhaltóra (25%), Staidéar Sóisialta (10%). Tá trí ábhar roghnach ann- Déantar Dearadh agus Riair Tí (20%) de ghnáth. 4 Tasc le déanamh don Obair Chúrsa Phraiticiúil i Staidéar Bia agus le scríobh suas in Iris-leabhar.

Measúnú Ardteiste: scrúdú scríofa ceann cúrsa (80%). Measúnú ar obair phraiticiúil (20%)[I bhfoirm irisleabhair- le bheith déanta roimh Samhain bliain na hArdteiste]

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Eolaíocht, Staidéar gnó, Saoránaíocht, Tír Eolas.

Riachtanach le haghaidh: Níl se eigeantach d'aon chúrsa sa CAO.

Molta le haghaidh: Bheadh Eacnamaíocht Bhaile cabhrach má tá suim ag an dalta 'sna gairmeacha seo a leanas: Cigire Sláinte, Bainisteoir Ostáin, Altranas, Oibrí Sóisialta, Múinteoir Eacnamaíocht Bhaile, Sabháilteacht Bia, Eolaíocht an Bhia, Cócaire, Diatéiteach, Dearthóir Intí.

Eolas Breise: Tá sé níos fusa do dhaltáí grád a fháil má tá Eacnamaíocht Bhaile acu ón Teastas Shóisearach mar tá leanúnachas agus dul chun cinn ann ó chlár Eacnamaíocht Bhaile an Teastas Shóisearaigh.

Ábhar: Stair

Cur síos ar an gcúrsa: Déantar ceithre mhodúil thar dhá bhliain, modúl amháin bunaithe ar dhoiciméid agus scileanna staraí mar shampla *Meiriceá agus an Domhan 1949-1989*. Na modúil eile a d'fhéadfadh a bheith ar an gcúrsa ná *Gluaiseachtaí Leasaithe 1870-1914*, *Ar Thóir an Fhlaitheis -Éire 1912-1949*, *Daonlathas agus Deachtóireacht san Eoraip 1919-1949*. An cúigiú cuid den chúrsa is ea Staidéar Taighde bunaithe ar thopaic a roghnaíonn na daltaí iad féin. Tríd an Staidéar Taighde seo forbraítear scileanna taighde, cumas anailíse agus cumas argóintí éagsúla a dhéanamh agus a cheistiú.

Measúnú Ardteiste: Scrúdú Deiridh (80%) - Trí Aistí agus Ceist Dociméid Bunaithe san Ardleibhéal, 4 cheist sa Ghnáthleibhéal. Staidéar Taighde (20%) 1,500 focail san AL agus 900 sa Ghnáthleibhéal le bheith déanta roimh an gCáisc sa bhliain scrúdaithe.

Nascanna le hÁbha(i)r sa Teastas Sóisearach: Stair, Tír Eolaíocht, Saoránaíocht, Béarla, Gaeilge

Riachtanach le haghaidh:

Molta le haghaidh: Dlí, Bunmhúinteoireacht, Meánmhúinteoireacht, Iriseoireacht/Scríbhneoireacht, Tionscal na Turasóireachta agus na hOidhreachta, Na Meáin Chumarsáide agus Shóisialta, Na hEalaíne, Rialtas agus Riarachán, Scannánaíocht, Polaitíocht, Margaíocht, An tSeirbhís Sibhialta, An Phóilíneacht, Na Teangacha.

Eolas Breise: Caithfidh suim san ábhar a bheith agat. Foghlaimíonn tú roinnt mhaith scileanna san ábhar a bheadh úsáideach sa todhchaí maidir le heolas a lorg agus a láimhséail. Don Ardleibhéal caithfidh cumas maith agus tapaidh scríbhneoireachta a bheith agat chun 3 ½ leathnach a scríobh taobh istigh de 40 noiméad. Tá cúrsa staire an Teastais Shóisearaigh mar bhunús le cúrsa na hArdteiste. Tugann an stair go leor léargais duit ar iompraíocht daoine agus tuiscint níos doimhne ar chúrsaí reatha. Is scileanna iad seo atá úsáideach i ngairmeacha beatha éagsúla. Forbraíonn staidéar ar an stair an cumas machnamh a dhéanamh ar cheist as do stuaim féin, gan glacadh le freagraí neamhthacaithe. Bíonn fostóirí ag lorg daoine atá in ann smaoinemh go neamhspleách, fadhbanna a réiteach, an tábhacht a scagadh ón mbeagthábhacht, chomh maith le bheith neamhchlaonta agus eagraithe.

Abhar: Ceimic

Cur síos ar an gcúrsa: Cúrsa praiticiúla agus teoiriciúil ar imoibrí ceimiceach agus cé chomh úsáideach is atá siad i ngnáth saol. Beidh staidéar a dhéanamh i Radaighníomhaíocht, Dlíte na nGás, Tiúchan, Tuaslagán, Anailís Thoirtmhéadrach, Mínglanadh Ola agus a chuid Táirgí; Rátaí Imoibríúcháin; Ceimic an Imshaoil, Anailís Uisce; agus Ceimic Atmaisféarach.

Measúnú Ardteiste: Scrúdpháipéar 3 uair an chloig. Trí cheist bunaithe ar obair phraiticiúla. 8 gceist bunaithe ar an teoric. Caithfear 8 gceist a dhéanamh as 11.

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Eolaíocht. Beidh an cúrsa ag leanúint ón gceimic sa Theastas Shóisearach. Beidh beagáinín mata ag teastáil chomh maith.

Riachtanach le haghaidh: De reir Qualifax **caithfidh** ceimic a bheith agat do: Fiaclóireacht – CK 702 (UCC); Fiaclóireacht – CK 702 (UCC); Cothú Daonna DT 223 (TU BAC); Leigheas CK 701 (UCC); Leigheas cógaslainne CK 703 (RCSI); Leigheas cógaslainne RC 005 (UCC); Eolaíocht – Eolaíochtaí Leighis & Sláinte CK 707 (UCC) agus Tréidliacht DN 300 (UCD).

Molfar é a dhéanamh don innealtóireacht, altranas, eolaíocht an bhia, eolaíocht spóirt, agus biteicneolaíocht. Molfar duit aon abhar eolaíochta a dhéanamh i gconaí

Molta le haghaidh: Molfar é a dhéanamh don innealtóireacht, altranas, eolaíocht an bhia, biteicneolaíocht, radaiteiripe teiripe shaothair; leigheas cógaslainne; optaiméadracht; talmhaíocht; gach abhair eolaíochta, cothú, éiceolaíocht, gairneoireacht. Molfar duit aon abhar eolaíochta a dhéanamh i gconaí.

Eolas Breise: Tá thart ar 10 dos na 12 comhlachtaí ceimice is mó ar Domhan lonnaithe i gCorcaigh agus cuireann said postanna maithe ar fáil do dhuine cáilithe.

Tá eolas breise ar fáil ó <http://www.rsc.org/>

Abhar: Fisic

Cur síos ar an gcúrsa: Cúrsa praiticiúla agus teoiriciúil ar ar bhunphrionsabail na fisice agus a bhfeidhmeanna siúd sa ghnáthshaol agus sa teicneolaíocht. Beidh stáidéar ar Gluaisne, Forsaí, Brú, Fuinneamh, Cumhacht, Teas, Tonnta, Fuaim, Solas, Leictreachas, Leictreamaighneas Radaighniomhaíocht, Fuinnimh Núicleach, Fisic na gCathainí agus X-gathanna i gceist.

Measúnú Ardteiste: Scrúdpháipéar 3 uair an chloig. Ceithre cheist bunaithe ar obair phraiticiúla. 8 gceist bunaithe ar an teoiric. Caithfear 8 gceist a dhéanamh as 12. Caithfear cuntas a choimead faoi 26 turganmh chomh maith.

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Eolaíocht. Beidh an cúrsa ag leanúint ón fisic sa Theastas Shóisearach. Beidh beáganin mata ag teástail chomh maith ach níl aon rud ró dhian.

Riachtanach le haghaidh: De reir Qualifax **caithfidh** fisic a bheith agat do: Fhisic theoiriciúil TR035 (TCD)

Molta le haghaidh: Molfar fisic a bheith agat don innealtóireacht, leigheas, poitigéireacht, tréidliacht, altranas, eolaíocht spóirt, radaiteiripe, teiripe shaothair, leigheas cógaslainne, optaiméadracht, talmhaíocht, gach abhair eolaíochta, tógáil, dearadh táirgí, ailtireacht, fisiteiripe, leictreoiracht, pluiméireacht, píolóta, ríomhaireacht, geolaíocht, ruirbhéir cainníochta. Molfar duit aon abhar eolaíochta a dhéanamh i gconaí

Eolas Breise: Caithfidh suim a bheith agat ar réiteach fadhbanna. Mar gheall ar an méid reiteach feidhbanna ata í gceist fostaítear fisiceoir in airgeadais, arachais agus sa chuntasaíocht.

Tá níos mo eolas ar fáil ag <http://www.iopireland.org/careers/index.html>

Abhar: Gnó

Cur síos ar an gcúrsa: Cúrsa a tugadh isteach I Méan Fomhair 1997 é seo. Ta mionathraithe déanta air ó shin ó thaobh na codanna dlí de agus athraithe sa saol ghnó. Ta trí mhór roinn sa siollabas seo. Roinn A: Daoine I nGnó (Aonad 1); Roinn B: Fiontraíocht (Aonaid 2,3,4,5) Agus Roinn C: An Timpeallacht Ghnó, Aontas Eorpach, Idirnaisiúnta agus Domhanda (Aonaid 6,7)

Measúnú Ardteiste: Tá dhá leibhéal sa scrúdú Ard agus Gnáth. Ard: Paipéar amháin 3 uair. Roinn 1 – 8 ceist gearra as 10 gceist. Roinn 2: Ceist ar Ghnó Fheidhmeach. Roinn 3: 4 ceist as 7 gceist. Sa Ghnáth leibhéal: Paipéar amháin 2 ½ uair Roinn 1: 10 gceist gearra as 15 ceist. Roinn 2: 4 ceist fada as 8 gceist.

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Staidéar Gnó; Tír Eolaíocht; Eacnamaíocht Bhaile; Mata.

Riachtanach le haghaidh: Níl se riachtanach le haghaidh aon chúrsa ach bheadh sé úsáideach d'aon chúrsa gnó agus BBS; B.Comm; BSc (Eolaíocht Bídh), Finance agus BIS.

Molta le haghaidh: Cúrsaí Gnó agus Cuntasaíocht. Múinteoireacht le Gnó

Eolas Breise: Tá nascadh le Tíreolaíocht, Eacnamaíocht agus Eacnamaíocht Bhaile.

Abhar: Fraincís

Cur síos ar an gcúrsa: Obair (scríofa, léamhthuiscint, éisteachta, cainte) ar ábhair/topaicí ar an gcúrsa m.sh. áit chónaithe, ceanntas, faisean, scoil, sláinte, na méain chumarsáide srl. Bheith in ann caint, scríobh futhu agus cosúlachtaí/difríochtaí idir iadsin sa bhFrainc agus in Éirinn

Measúnú Ardteiste: Béal Triail/ Paipéar Scríofa/Cluastuiscint- Déantar gach chuid de ag gnáth agus ard-leibhéal.

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Fraincís/Ceol/Tír Eolas/Gaeilge/Béarla

Riachtanach le haghaidh: Bíonn teanga á lorg chun cúrsaí éagsúla a dhéanamh sa tríú leibhéal. Bíonn se ag teastáil don chúrsa mar Tráchtáil/Dlí agus Fraincís.

Molta le haghaidh:

Eolas Breise:

Abhar: Matamaitic

Cur síos ar an gcúrsa: Abhar praiticiúil agus teoiriciúil le réimse leathan is ea Matamaitic, dírithe ar fheidhmeanna ach suimiúil ann féin freisin. Cuireann sí an teanga agus na teicnící ar fail chun plé le gnéithe den ghnáthshaol agus de shaol na heolaíochta. Disciplín intleachtúil atá ann freisin, a bhíonn ag plé le teibíocht agus le hargóintí loighce. Cuirtear an t-ábhar ar fáil faoi ceannteidil mar shampla Ailigéabar, Geoiméadracht, Feidhmeanna agus Calcalas.

Measúnú Ardteiste: Déantar an scrúdú ar Mhatamaitic don Ardteist ag na trí leibhéal le páipéir scrúduithe deiridh. Tá dhá pháipéar ag gach leibhéal.

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Mata, Eolaíocht, Gnó, Tíreolaíocht agus Eacnamaíocht Bhaile.

Riachtanach le haghaidh: Raon leathan cúrsaí sa Choláiste mar shampla innealltóireacht agus banaltracht

Molta le haghaidh:

Eolas Breise:

Ábhar: Gaeilge (Ardleibhéal)

Cur síos ar an gcúrsa: An Bhéaltrial Ghaeilge 40% de na marcanna, Cluastuiscint 10%. Paipéar 1- Ceapadóireacht scríofa (2 uair). Paipéar 2- Léamhthuiscint -2 phíosá/Prós/Filíocht/Litríocht Bhreise (3 uair 5 noim)

Measúnú Ardteiste: Bealtrial (15 noiméad) Fáiltiú, léamh na filíochta, comhrá agus cur síos ar shraithphictiúir. Cluastuiscint mar chuid de phaipéar 1 (20 noim). Ceapadóireacht (2 uair). Léamhthuiscint- ag lorg tuisceana. Prós: Ceist le freagairt ar shliocht amháin (níl aon rogha). Filíocht: Ceist le freagairt ar dhán amháin (níl aon rogha). Litríocht Bhreise: Ceist amháin le freagairt ar dhráma

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Gaeilge ; Tá filíocht, dráma, próis, aistí, trial tuisceana agus cluastuiscint ann ach léim an-mhór idir an Teastas Shóisearaigh agus an AT. Béaltrial don AT.

Riachtanach le haghaidh: Tá an Ghaeilge riachtanach do Ollscoil na hÉireann. Tá caighdeán áirithe riachtanach do chúrsaí áirithe mar shampla múinteoireacht bunscoile nó aon chúrsa le Gaeilge.

Molta le haghaidh: Tá cuid mhór féidearthachtaí ann maidir le gairmeacha beatha do chéimithe ar cainteoirí líofa Gaeilge iad. Is éagsúil atá na deiseanna atá ar fáil in earnálacha ar nós na meán cumarsáide, TF, margaíochta, díolachán, san earnáil dheonach, san earnáil phoiblí agus sna healaíona gan ach cuid acu a lua. Ó fógraíodh go mbeadh stádas oifigiúil oibre ag an nGaeilge san AE tá an-éileamh ar dhaoine le Gaeilge sa Bhruiséil, in Strasbourg agus in earnálacha AE anseo in Éirinn. Tá buntáistí ag baint leis an dátheangachas sa saol oibre agus sa saol go ginearálta.

Eolas Breise: Bíonn ar gach aon dalta Gaeilge ardlleibhéal a dhéanamh. Cé gurb í an Ghaeilge teanga cumarsáide an choláiste fós bíonn an-chuid oibre le déanamh ag daltaí cun H1 a bhaint amach san ardteist.

Abhar: Tíreolaíocht

Cur síos ar an gcúrsa:

Tionscadal Gníomhach 20%: Mar shampla chuig abhainn nó farraige/ dul amach sa chathair agus suirbhé a dhéanamh

Cuid 1 Ceisteanna Gearrfreagra (10 as 12): Tíreolaíocht Fhisiceach agus Réigiúnach

Cuid 2

Roinn 1 Ceist ámhain as trí (Tír eolaíocht fhisiceach) agus ceist amháin as trí (Tír Eolaíocht Réigiúnach)

Roinn 2 Deanann an rang staidéar ar thíreolaíocht eacnamaíocha nó thíreolaíocht dhaonna. (ceist amháin as trí)

Roinn 3 (Ardleibhéal amháin) Staidéar ar thopaic amháin as ceithre, aiste amháin as trí.

Measúnú Ardteiste: 20% -leabhrán ar thionscadal ghníomhach 80% -Paipéar (2 uair 50). Ardleibhéal (5 cheist) Ghnáthleibhéal (4 cheist)

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Forbairt ar ábhair an teastais shóisearaigh ach amháin tíreolaíocht réigiúnach. Ní gá an t-ábhar a dhéanamh san teastas sóisearach.

Riachtanach le haghaidh: Múinteoir Tíreolaíochta, Pleanáil Baile. Is ábhar ealaíne é sna coláistí agus glactar leis mar ábhar eolaíochta i gcoláiste an Trionóide chomh maith.

Molta le haghaidh: An pholaitíocht, aon chúrsa riaracháin, Pleannáil, nascann sé le roinnt módúil sa ghnó freisin

Eolas Breise: Is ábhar praiticiúil agus acadúil é. Tá learscáileanna fotograif, pictiúir, grafanna nasctha le gach cheist.

Abhar: Ealaín

Cur síos ar an gcúrsa: Cúrsa practiciúil agus teoiriciúil atá i gceist:

- Foghlaimítear conas naisc a dheanamh idir d'obair ealaíne agus obair ealaíontóirí eile, obair ceardaithe, obair ailtrí agus obair dhearthóirí ó thíortha agus ó thréimhse eile sa stair.
- Foghlaimítear faoin bpróiseas dearaidh agus conas úsáid a bhaint as chun réada agus íomhánna nua a chruthú.
- Déantar imscrúdú trí bheith ag fhéachaint ar rudaí.
- Foghlaimítear conas oibriú le meáin thríthoiseacha, m.sh. foirgníocht, dealbhóireacht nó obair chré.

Freisin, beidh stáidéar a dheanamh ar Stair agus Léirthuisicint na hEalaíne

Measúnú Ardteiste:

1. **An Scrúdú practiciúil: Obair Chúrsa – Tá ar a laghad 30 uair an chloig teagmhála ag teastáil in imeacht 12 seachaine chun an obair chúrsa seo a dhéanamh.**

Cumadóireacht Shamhlaíoch Agus Ábhar Neamhbheo Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

Ceardaíocht nó Gréaschóiriú Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

Ar an iomlán tá 200 marc ag gabháil leis an oibre cúrsa, i.e. **50% de na marcanna iomlána ar an Ealaín**

Sceitseáil Beo-Ábhair Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

- An Scrúdú scríofa: Stair agus Léirtheiscint na hEalaíne:** Scrúdpháipéar 2 uair 30 noiméid. Trí cheist i stíle aiste bunaithe ar *An Ealaín in Éirinn, Ealaín na hEorpa agus Léirtheiscint na hEalaíne*. Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: I rith an cúrsa Ardteistiméarach, leanfaidh an dalta ag fobairt na bunscileanna ealaíne a d'fhoghlaim siad ag an Teastas Sóisearach agus beidh dúshlán níos mó i gceist. Beidh an dalta ag déanamh staidear níos foirmeálta ar stair na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh, agus i gcaoi le meas a chothú orthu. Tá fianaise ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh mórthimpeall orainn agus tá naisc idir é agus na habhair Teastas Sóisearach seo go speisialta: Eacnamaíocht Bhaile, Teicneolaíocht, Eolaíocht, Oideachas Reiligiúin, OSPS agus OSSP.

Riachtanach le haghaidh: Moltar Ealaín a dheanamh don Ardteist má theastaíonn uat céim a bhaint amach san Ealaín, Ceardaíocht nó Dearadh. Tá sé riachtanach an Ealaín a dheanamh ag an léibhéal seo chun bheith i d'ealaíontóir proifisiúnta. Tá mórchuid deiseanna gairme in Ealaín- i réimsí amhail: dearadh intí/tionsclaíoch/faisin, grianghrafadóireacht, maisiú leabhar agus ailtireacht.

Molta le haghaidh:

Eolas Breise:

Abhar: Seapáinis

Cur síos ar an gcúrsa: Ábhar nua í mar sin is curaclam nua-aimseartha go leor í. Is siollabas cumarsáideach í, agus ag deireadh caithfidh daltaí a bheith in ann cainte futhu féinig, a gclann, a scoil, a gceantar agus faoi pleananna amach anseo. Beidh ar daltaí trí scéimeanna scríbhneoireachta seapáinise a dhéanamh.

Measúnú Ardteiste: Bealtrial 100 marc (25%). Scrúdú scríofa 220 (55%) Ardleibheal, 200 (50%) Gnáthleibhéal. Trialcluastuiscint 80 marc (20%) Ardleibhéal, 100 (25%) Gnáthleibhéal.

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Níl sí ann ach san Ardteist.

Riachtanach le haghaidh:

Molta le haghaidh:

Is ábhar éagsúil go leor í an tSeapáinis mar sin nuair a bhíonn Seapáinis le feiceáil ar CV seasann an CV sin amach. Soláthraíonn Seapáinis suim agus éagsúlacht ó thaobh taithí an dalta de. Is rogha phraicticiúil í an tSeapáinis freisin toisc gur phairtnéir trádála tábhachtach d'Éirinn í an tSeapáin a bhfuil fás ar a heacnamaíocht. Taitníonn staidéar na Seapáinise le go leor daltaí mar gheall ar an suim a gcuireann siad i bpopchultúr agus ealaín na Seapáine nó mar gheall ar an gcumas atá acu i dteangacha.

Eolas Breise:Tá na pointí céanna ar fail don Seapáinis is atá d’aon ábhar eile. Is ionann í agus teanga iasachta do riachtainní teangacha ollscoile. Ba cheart go mbeadh suim ag daltaí i gcultúir na Seapáine.

Abhar: Ceol

Cur síos ar an gcúrsa: Tá trí chuid sa chúrsa ceol don Ardteist. (1) Ceol Praiticiúil [Luach 50%] – Do rogha: Uirlis/Guth amháin- 6 píosa ceol á sheinnt **nó** dhá uirlis – 4 píosa ceol do gach uirlis (8 píosa ina iomlán) nó 25% teicneolaíocht ar an ríomhaire agus 25% -4 píosa ceol. (2) Cumadóireacht [Luach 25%] Cumadóireacht seise a dhéanamh; cordaí agus dord a chur le séis. (3) Éisteacht: [Luach -25%]- Staidéar a dhéanamh ar ceithre saothar. Seachanges le Raymond Deane, Mozart Piano Concerto K488, Berlioz Symphonie Fantastique, trí amhráin ón Beatles agus Ceol Traidisiúnta.

Measúnú Ardteiste: Trí scrúduithe: Praiticiúil, Scríofa, Éisteachta.

Nascanna le Abha(i)r sa Theastas Shóisearaigh: Ba cheart go mbeadh ceol déanta don T.S. toisc go bhfuil an bunús déanta don TS.

Riachtanach le haghaidh: Ceol a dhéanamh san Ollscoil.

Molta le haghaidh: Múinteoireacht bunscoile, leabharlannaí,Riar- Ealaín, Teirpe Cheoil/Ealaín, Coláiste na hEalaíne, Ceoltóir, Banna Cheoil na Fórsaí Cosainte, Amcharlann, Innealtóir Raidio, Aisteoireacht, Leachtóir, Siutrthóir Ceolfhoireann, Cuiditheoir Cheoil, Bolscaireacht cheoil, Teicneolaíocht, Beochaín, Cumadóireacht.

Eolas Breise: Cabhraíonn sé leis an scrúdú praiticiúil má ta an dalta ag freastail ar ranganna cheoil lasmuigh den scoil. Muna bhfuil is féidir le dalta canadh nó an feadóg stáin agus giotar/piano a dhéanamh sa rang leis an múinteoir.

Eolas Ginearálta:

http://www.citizensinformation.ie/en/education/third_level_education/applying_to_college/application_procedures_and_entry_requirements.html

Riachtainí Ollscoile:

<http://www.nui.ie/college/entry-requirements.asp>

www.qualifax.ie